# Oiriúnacht Iniúchadh Matamaiticiúil
# Molta á Meas

## Treoir do mhúinteoirí chun an acmhainn seo a úsáid

Is acmhainn é seo is féidir le scoláirí a úsáid le linn Measúnú Rangbhunaithe 1 chun oiriúnacht a nIniúchadh Matamaiticiúil molta a mheas.

**Moltaí maidir le húsáid na hacmhainne seo**

- Roimh MRB 1 ba chóir do scoláirí dul i dtaithí ar an timthriall um réiteach fadhbanna agus ba cheart go mbeadh cleachtadh acu ar eispéiris foghlama shaibhre thascbhunaithe.

Tá ceithre rannóg san acmhainn seo a thagann a bheag nó a mhór leis na ceithre réimse gníomhaíochtaí ó MRB 1 agus d'dhéadfaidís cabhrú le scoláírí chun oiriúnacht Iniúchadh Matamaiticiúil molta a mheas:

    - An Ráiteas Faidhbe a shainiú
    - Straitéis a aimsiú nó an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic
    - Tabhairt faoi mhatamaitic chun an fhadhb a réiteach
    - Léirmhíniú agus tuairisciú

- **Is féidir le scoláirí na leidcheisteanna a úsáid chun oiriúnacht Iniúchadh Matamaiticiúil molta a mheas.**

Tá teacht ar thuilleadh acmhainní trí www.jct.ie/maths chun cabhrú le scileanna a fhorbairt atá riachtanach don Iniúchadh Matamaiticiúil (MRB 1).

# Oiriúnacht Iniúchadh Matamaiticiúil
## Molta á Meas

### AN RÁITEAS FAIDHBE A SHAINIÚ

| | |
|---|---|
| Breac síos réimse nó ábhar suime ó do chuid staidéir nó ón domhan timpeall ort le haghaidh iniúchta. | Ceap fadhb le hiniúchadh bunaithe ar an réimse nó ar an ábhar suime s’agat. |

### STRAITÉIS A AIMSÍU NÓ AN FHADHB A AISTRIÚ CHUIG AN MATAMAITIC

| | | |
|---|---|---|
| Liostaigh an/na (h)athróg(a) nó na sonraí is féidir leat a shainmhiniú a bhaineann leis an bhfadhb s’agat. | Déan cur síos gairid conas is dóigh leat a dhéanfaidh tú an fhadhb s’agat a iniúchadh. | Breac síos na hacmhainní atá ar fáil chun d’fhadhb a iniúchadh. |

### TABHAIRT FAOI MHATAMAITIC CHUN AN FHADHB A RÉITEACH

| | |
|---|---|
| Breac síos na réimsí Matamaitice ar féidir iad a úsáid le linn an iniúchta s’agat. | Liostaigh an léiriú matamaiticiúil / na léirithe matamaiticiúla is féidir a úsáid le linn an iniúchta s’agat. |

### LÉIRMHÍNIÚ AGUS TUAIRISCIÚ

| | |
|---|---|
| Breac síos conas is dóigh leat a chuirfidh tú do smaointe agus do thorthaí matamaiticiúla in iúl. | Breac síos conas is dóigh leat a chláróidh tú do chuid torthaí, breathnóireachtaí agus machnaimh le linn an iniúchta. |